

# **POLASAÍ IONTRÁLA i leith na SCOILBHLIANA 2021/2022**

## **Coláiste Chillian**

Bunófar an cinneadh i leith iarratas ar ligean isteach ar chur i bhfeidhm an Bheartais seo, ar an bhfaisnéis a thugtar i bhfógra bliantúil na scoile maidir le ligean isteach agus ar an bhfaisnéis a chuir an tIarratasóir ar fáil san iarratas ar ligean isteach, má fuarthas é roimh an dáta deiridh a luaitear san fhógra bliantúil maidir le ligean isteach.

## **EOLAS AR CHOLÁISTE CHILLIAIN**

---

Bunaíodh Coláiste Chilllain sa bhliain 1981 agus bhog go dtí an suíomh ina bhfuilimid faoi láthair ar Bhóthar Nangor, Cluain Dolcáin sa bhliain 1984. Thosaíomar le 14 dalta agus tá 415 againn faoi láthair agus muid ag fás i gcónaí.

Bhí ár bhfís soiléar ón tús agus é mar mhanna na scoile, sé sin, ‘Ár nDúchas Slán’. An aidhm atá againn ná oideachas den scoth a sholáthar agus ag an am céanna ár n-oidhreacht a chaomhnú agus a chothú. Tuigtear Oideachas ar an mbonn is leithne agus cuirtear na luachanna, meas, neamhspleáchas, féin-mhuinín agus an fhírinne chun cinn agus in ár ráiteas físe geallaimid go ndéanfar gach iarracht an dalta a fhorbairt de réir a chumais go pearsanta, go spioradálta, go hacadúil, go sóisialta, go móralta agus go fisiciuil.

Is scoil meascáithe, neamh-ainmnithe, lán-Ghaelach faoi phátrúntacht Bord Oideachais & Oiliúna Átha Cliath & Dún Laoghaire sinn. Tá an BOOACDL suite i dTamhlacht, BÁC 24.

I gColáiste Chilllain déantar an Sraith Shóisearach (blianta 1-3), an Idirbhliain (bliain 4) agus an Ardteist (blianta 5-6).

Is í an aidhm ná oideachas iomlánaíoch a sholáthar agus spreagann muid daltaí páirt a ghlacadh in imeachtaí spóirt agus cheoil. Táimid airdeallach ar chúrsaí timpeallachta agus spreagann muid daltaí a bheith gníomhach agus muid ag iarraidh ár gcoischéim carbónach a laghdú.

Tá ceangailt láidir idir muid féin agus na Gaelscoileanna áitiúla, Gaelscoil Chluain Dolcáin agus Gaelscoil na Camóige agus stair fhada, thorthúil againn chomh maith le Gaelscoil Inse Chór agus Scoil Chrónáin.

Tá ár líon scaipthe go forleathan agus an aidhm againn an Ghaeilge a ghríosadh sna ceantair óna dtagann ár ndaltaí.

Tré múineadh nua-aimsire, oideachas dalta-lárnach, múinteoirí oilte, díograsacha agus le treallamh TFC cuí feictear rian na scoile agus toradh ár saothair ar na mná agus fir óga stuama agus iad ag deireadh a gcuid oideachais dara leibhéal.

# **CLÁR NA nÁBHAR**

## ***CUID A – Eolas Ginearálta do gach Iarratasóir***

1. Gluais na dtéarmaí
2. Ráiteas maidir le hIontráil
3. An Creat Dlíthiúil
4. Forálacha Ginearálta maidir le hIontráil

## ***CUID B – Eolas i gcomhair Catagóirí Sonracha Iarratasóirí***

5. Iarratas i ndáil leis an nGrúpa Céad Bliana
6. Iarratas i ndáil leis na Bliainghrúpaí eile go léir seachas an Chéad Bhliain

# **CUID A**

## ***Eolas Ginearálta do gach Iarratasóir***

- 1. Gluais na dtéarmaí***
- 2. Ráiteas maidir le hIontráil***
- 3. An Creat Dlíthiúil***
- 4. Forálacha Ginearálta maidir le hIontráil (do gach Iarratasóir)***

## 1 GLUAIS NA DTÉARMAÍ

---

Ciallaíonn '**Iarratasóir**' tuismitheoir/caomhnóir Scoláire, nó, i gcás Scoláire a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, an Scoláire féin, a bhfuil iarratas déanta aige nó aici ar ligean isteach i gColáiste Chillian.

Ciallaíonn '**Scoláire**' an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh ina leith. Dá bhrí sin, tá sé intuigthe gach uair a úsáidtear an focal sin ar fud an Pholasaí seo gur 'scoláire ionchasach' atá i gceist. Is é sin le rá nach bhfágann úsáid an fhocail 'Scoláire' gur glacadh leis an iarratas ina leith sa chaoi is go meastar gur Scoláire de chuid Coláiste Chillian é nó í de bhua an iarratais amháin.

Tagraíonn '**Gnéas**' d'ainmniú an duine ar theastas breithe an duine sin, nó ar theastas um aitheantas inscne, mar dhuine fireann nó duine baineann ar bhonn anatamaíocht (baill ghiniúna agus/nó orgáin atáirgthe) nó ghnéithe bitheolaíocha (crómasóim agus/nó hormóin) an duine sin. Ní dhéanann an sainmhíniú sin dochar d'aon Scoláirí idirghnéasacha ná d'aon Scoláirí as a aithníonn iad féin mar dhaoine andraigíneacha, daoine dé-inscineacha, daoine leathinscineacha, daoine atá solúbtha ó thaobh inscne de, daoine atá aiteach ó thaobh inscne de, daoine ilinscineacha, daoine atá neodrach ó thaobh inscne de, daoine trasinscineacha, daoine trasghnéasacha, nó ar shlí eile.

Tagraíonn '**Scoilcheantar**' don limistéar cónaithe atá ainmnithe lena chur i bhfeidhm i gcás Coláiste Chillian maidir leis an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh thar a cheann nó thar a ceann. Is é scoilcheantar Choláiste Chillian ná na bunscoileanna ona dtagann na scoláirí chugainn go stairiúil.

Tá an bhrí chéanna le '**Tuismitheoir**' atá leis san Acht Oideachais, 1998 agus foláitear leis caomhnóir arna cheapadh faoi na hAchtanna um Chaomhnóireacht Leanaí, 1964 go 1997.

Tagraíonn '**Bunscoileanna Friothálacha**' do na bunscoileanna tosaíochta maidir le hiarratas ar Choláiste Chillian. Is iad na bunscoileanna friothálacha i gcás Coláiste Chillian ná:

- 1.1. Gaelscoil Chluain Dolcáin, Br.Nangor. Cluain Dolcáin. BÁC 22

- 1.2. Gaelscoil na Camóige, Br.an Úlloird, Cluain Dolcáin. BÁC 22.
- 1.3. Gaelscoil Inse Chór SEOLADH
- 1.4. Scoil Chrónáin, An Príomhshráid, Rath Cúil. Co.Bhaile Átha Cliath.

Ciallaíonn '**An Chéad Bhliain**' an grúpa Scoláirí a thiocfaidh isteach sa rang nó sa bhliain is sóisearaí i scoil.

DRAFT

## **2 RÁITEAS MAIDIR LE HIONTRÁIL**

---

Is iar-bhunscoil il-sainchreidmheach chomhoideachais stáit í Coláiste Chilllain a bhfuil na croíluachanna seo a leanas aici:

- Barr Feabhais san Oideachas;
- Cúram;
- Meas;
- Comhionannas; agus
- Muintearas

Agus í ag ligean isteach Scoláire, ní dhéanfaidh Coláiste Chilllain] idirdhealú ar a mbonn seo a leanas:

- 2.1. Gnéas nó inscne an Scoláire nó an Iarratasóra. I gcás nach ligean scoil isteach ach scoláirí aonghnéis amháin, áfach, ní idirdhealú atá i gceist má dhiúltaítear Scoláirí d'aon ghnéas eile a ligean isteach;
- 2.2. Stádas sibhialta an Scoláire nó an Iarratasóra;
- 2.3. Stádas teaghlaigh an Scoláire nó an Iarratasóra;
- 2.4. Gnéaschlaonadh an Scoláire nó an Iarratasóra;
- 2.5. Reiligiún an Scoláire nó an Iarratasóra;
- 2.6. Míchumas atá ar an Scoláire nó ar an Iarratasóir;
- 2.7. An Cine lena mbaineann an Scoláire nó an tIarratasóir;
- 2.8. An Scoláire nó an tIarratasóir a bheith ina dhuine nó ina duine de phobal an Lucht Siúil;

Ní ghearrfaidh Coláiste Chilllain táillí ná íocaíochtaí ná ní lorgóidh sí síntiúis mar choinníoll a ghabhann le ligean isteach ná mar choinníoll a ghabhann le Scoláire a choinneáil ar an rolla.

### **3 AN CREAT DLÍTHIÚIL**

---

Bunaíodh BOOACDL faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, ina leagtar amach feidhmeanna gach BOO, lena n-áirítear scoileanna aitheanta, ionaid oideachais agus saoráidí oideachais agus oiliúna a bhunú agus a choinneáil ar bun i limistéar feidhme gach BOO.

Is coiste é bord bainistíochta Choláiste Chillian a bunaíodh faoi alt 44 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus is bord bainistíochta é freisin de réir bhrí an Achta Oideachais, 1998.

Faoin Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2018 agus faoin Acht Oideachais (Leas), 2000, cuirtear de dhualgas ar gach scoil aitheanta Beartas Ligin Isteach a ullmhú agus a fhoilsiú.

Foráiltear san Acht Oideachais, 1998 do phróiseas achomhairc má dhiúltaítear duine a chur ar an rolla. Leagtar amach i roinn 5.4 an próiseas achomhairc maidir le hiarratais i leith an ghrúpa Céad Bliana agus leagtar amach i roinn 6.4 an próiseas achomhairc maidir le hiarratais i leith gach bliana seachas an grúpa Céad Bliana.

Sa cháipéis 'Rialacha agus Clár na Meánscoileanna 2004/05' de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna, leagtar síos na rialacha nach mór d'iar-bhunscoileanna cloí leo agus iad i mbun oideachais. Dá ndéanfaí na rialacha sin a leasú nó rialacha eile a chur ina n-ionad amach anseo, áfach, bheadh an Beartas seo le forléiriú dá réir.



## 4 FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE HIONTRÁIL

---

Beidh cinneadh faoi iarratas ar ligean isteach bunaithe ar an méid seo a leanas:

- cur i bhfeidhm an Phoalasaí Iontrála seo,
- fógra bliantúil na scoile maidir le hiontráil, agus
- an t-eolas a sholáthair an tIarratasóir san iarratas ar iontráil.

Má rud é, sular tháinig an tAcht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2018 i bhfeidhm, gur dheimhnigh Coláiste Chillian, i scríbhinn, go raibh Iarratasóir curtha ar liosta a bhain le leithdháileadh áiteanna scoile do scoilbhliain ar leith go dtí an scoilbhliain 2020/2021, agus an scoilbhliain sin san áireamh, beidh an dearbhú sin bailí fós agus tairgfear an áit sin don Iarratasóir.

Agus iarratas á phróiseáil aici, **ní chuirfidh Coláiste Chillian san áireamh:**

- 4.1 Táillí nó síntiús a íocadh nó a íocfar leis an scoil;
- 4.2 Cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil Scoláire, mura rud é:
  - go gcuirfidh an tIarratasóir fianaise ina leith sin ar fáil mar fhianaise ar leibhéal líofachta an Scoláire sa Ghaeilge, agus go bhfuil liosta feithimh ag an scoil;
- 4.3 Gairm, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht Tuismitheora/Tuismitheoirí Scoláire;
- 4.4 Ceanglas go bhfreastalóidh Scoláire nó Tuismitheoir/Tuismitheoirí an Scoláire ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll a ghabhann le ligean isteach;

**Breithneoidh Coláiste Chillian an bhféadfar áit a thairiscint do gach Scoláire atá ag iarraidh go ligfear é nó í isteach sa scoil, mura bhfuil feidhm ag na cúinse seo a leanas:**

- 4.5 Maidir leis an dalta a lorgaíonn iontráil, ní bheidh an té sin dhá bhliain déag d'aois ar a laghad ar an gcéad lá d'Eanáir sa scoilbhliain ina bhfuil sé/sí ag iarraidh a bheith cláraithe agus ní bheidh cúrsa iomlán bunoidreachais nó a choibhéis curtha i gcrích ag an dalta sin, mar a éilítear faoi alt X de Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna 2004-2005 na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- 4.6 Ní dheimhneoidh an Tuismitheoir i scríbhinn go nglacann sé nó sí le Cód Iompair na Scoláirí agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an Scoláire an cód sin;

Sa chás ina ndéanfaidh Coláiste Chilllain iarratas a bhreithniú, gheobhaidh gach Scoláire áit, mura rud é go bhfuil liosta feithimh ag an scoil, agus sa chás sin cuirfear critéir roghnúcháin i bhfeidhm i leith gach iarratais.

I Roinn 5 den Pholasaí seo, tugtar aghaidh ar na critéir roghnúcháin agus ar nithe eile a bhaineann leis na forálacha maidir le ligean isteach i gcás an ghrúpa céad bliana.

I Roinn 6 den Pholasaí seo, tugtar aghaidh ar na critéir roghnúcháin agus ar nithe eile a bhaineann leis na forálacha maidir le ligean isteach i gcás na mbliainghrúpaí go léir eile seachas an chéad bhliain.

I Roinn 7 den Pholasaí seo, tugtar aghaidh ar na critéir roghnúcháin agus ar nithe eile a bhaineann leis na forálacha maidir le ligean isteach i gcás an rang speisialta nó na ranganna speisialta.

# **CUID B**

## ***Eolas i gcomhair Catagóirí Sonracha Iarratasóirí***

- 5. Iarratas i ndáil leis an nGrúpa Céad Bliana***
- 6. Iarratas i ndáil leis na Bliainghrúpaí eile go léir seachas an Chéad Bhliain***

# ROINN 5

## IARRATAS I NDÁIL LEIS AN NGRÚPA CÉAD

### **5 IARRATAS I NDÁIL LEIS AN NGRÚPA CÉAD BLIANA**

---

#### **5.1 Forálacha maidir le Ligean Isteach (An Grúpa Céad Bliana)**

- 5.1.1. Liosta Feithimh
- 5.1.2. Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta
- 5.1.3. An próiseas roghnúcháin
- 5.1.4. Iarratais Dhéanacha
- 5.1.5. An dara/tríú babhta tairiscintí áite
- 5.1.6. Glacadh le háit
- 5.1.7. Diúltú
- 5.1.8. Achomhairc

#### **5.2 Achomhairc**

## **5.1 FORÁLACHA MAIDIR LE LIGEAN ISTEACH (AN GRÚPA CÉAD BLIANA)**

---

I gcás nach bhfuil liosta feithimh ag Coláiste Chillian, tairgfear áit scoile do gach Scoláire, faoi réir ranna 4.2 4.7, 4.8,

### **5.1.1 Liosta Feithimh**

I gcás inar mó líon na n-iarratas ná líon na n-áiteanna atá ar fáil, beidh feidhm ag na critéir roghnúcháin fhoilsithe mar a leagtar amach iad i roinn 5.1.2 thíos, agus ullmhófar liosta feithimh a bheidh bailí ar feadh na scoilbhliana a ndearnadh na hiarratais ina leith. Sa chás ina mbeidh Coláiste Chillian in ann áiteanna breise scoile a thairiscint a thiocfaidh ar fáil don scoilbhliain 2021/2022 agus le linn na scoilbhliana sin, tairgfear áiteanna de réir ord tosaíochta na Scoláirí ar an liosta feithimh.

Sa chás ina mbeidh liosta feithimh ag an scoil, ní chuirfear san áireamh aon chritéir roghnúcháin nach bhfuil sa Pholasáí Iontrála seo lena chinneadh cé acu an ligfear Scoláire isteach sa scoil nó nach ligfear.

### **5.1.2 Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta**

Cuirfidh Coláiste Chillian na critéir seo a leanas i bhfeidhm maidir le ligean isteach sa ghrúpa céad bliana:

- 5.1.2.1 Deartháireacha nó deirfiúracha leis an Scoláire a bheith ar rolla na scoile faoi láthair;
- 5.1.2.2 Deartháireacha nó deirfiúracha leis an Scoláire a bheith ar rolla na scoile san am atá caite;
- 5.1.2.3 Ar fhreastail an Scoláire ar Ghaelscoil Chluain Dolcáin
- 5.1.2.4 Ar fhreastail an Scoláire ar Ghaelscoil na Camóige
- 5.1.2.5 Ar fhreastail an Scoláire ar Ghaelscoil Inse Chór
- 5.1.2.6 Ar fhreastal an Scoláire ar Scoil Chrónáin
- 5.1.2.7 Ar fhreastal an Scoláire ar Ghaelscoil nach iad
- 5.1.2.8 Ar fhreastal ar bhunscoil béarla áitiúil le cumas maith Gaeilge

5.1.2.9 Tuismitheoir nó seantuismitheoir a bheith ag an Scoláire a d'fhreastail ar an scoil roimhe seo (25% de na háiteanna atá ar fáil ar a mhéad);

### **5.1.3 An próiseas roghnúcháin**

Cuirfidh Coláiste Chillian an próiseas roghnúcháin i bhfeidhm mar seo a leanas:

Déantar iarratais a bhreithniú ar bhonn na gcritéar roghnúcháin foilsithe. Tairgfear áiteanna ar an gcéad dul síos dóibh siúd a chomhlíonfaidh an chéad chritéar. Ina dhiaidh sin, má tá áiteanna ar fáil ag an scoil fós, déanfar na hIarratasóirí eile a bhreithniú i bhfianaise an dara critéar agus tairgfear áit scoile do na hIarratasóirí a chomhlíonann an critéar sin. Leantar leis an bpróiseas sin go dtí go mbeidh gach áit atá ar fáil tairgthe agus go mbeidh glactha le gach áit.

Sa chás ina mbeidh dhá iarratas nó níos mó ar comhscór sa phróiseas roghnúcháin thuasluaite, is go randamach a shannfaidh Coláiste Chillian aon áiteanna a bheidh fós ar fáil sa scoil, nó ar an liosta feithimh, do na hiarratais sin.

### **5.1.4 Iarratais dhéanacha**

I gcás iarratas a gheobhaidh Coláiste Chillian tar éis an dáta deiridh a d'fhoilsigh Coláiste Chillian agus a leagtar amach san Fhógra maidir le hIontráil, measfar gur iarratas déanach é chun críocha an Pholasaí Iontrála seo.

Sa chás ina bhfuil liosta feithimh ag Coláiste Chillian agus ina bhfaighidh sí iarratas déanach ar ligean isteach, cuirfear é ar an liosta feithimh tar éis na nIarratasóirí a bhfuair Coláiste Chillian iarratais ina leith roimh an dáta deiridh d'iarratais. Cuirfear iarratais den sórt sin ar an liosta feithimh de réir an dáta agus an ama a fuair Coláiste Chillian iad agus ina dhiaidh sin cuirfear critéir roghnúcháin Choláiste Chillian i bhfeidhm de réir an Pholasaí seo.

Sa chás nach bhfuil liosta feithimh ag Coláiste Chillian agus ina bhfaighidh sí iarratas déanach, gheobhaidh an Scoláire a bheidh ag lorg áit i gColáiste Chillian tairiscint áite, faoi réir ranna 4.2, agus cuirfear i bhfeidhm an próiseas céanna is a bhaineann le hIarratasóirí a bhfuarthas iarratais uathu roimh an dáta deiridh, *i.e.* eiseofar Foirm

Ghlactha don Iarratasóir, nach mór í a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais chuig an scoil laistigh de dhá sheachtain ón dáta ar eisíodh í.

#### **5.1.5 An dara/tríú babhta tairiscintí áite**

Sa chás ina bhfaighidh Scoláire tairiscint ar áit i gColáiste Chilliaín ach nach nglacfaidh sé nó sí leis an tairiscint, nó nach nglacfaidh sé nó sí léi laistigh den tréimhse ama atá sonraithe, nó ina dtarraingeoidh an scoil siar an tairiscint de réir fhorálacha ábhartha an Pholasaí seo, tabharfar an áit don chéad Scoláire eile ar an liosta feithimh sa dara babhta tairiscintí. Leanfar leis an bpróiseas sin sa tríú agus sa ceathrú babhta &rl. go dtí go mbeidh gach áit sa scoil líonta.

#### **5.1.6 Glacadh le háit**

Má thairgtear áit don Scoláire ar ina leith a rinneadh an t-iarratas, eiseoidh an scoil Foirm Ghlactha don Iarratasóir.

Cuirfidh an tIarratasóir in iúl go bhfuiltear ag glacadh le tairiscint tríd an bhFoirm Ghlactha a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais faoin dáta a leagtar amach san Fhógra maidir le hIontráil sa Scoil, nó laistigh de dhá sheachtain ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach a bhí i gceist nó más tairiscint í a rinneadh sa dara/tríú babhta. Ní mór a chur in iúl freisin cé acu an bhfuil iarratas déanta aige nó aici chuig scoil eile nó nach bhfuil, agus an bhfuil sé nó sí ag fanacht le deimhniú ó scoil eile ar thairiscint áite nó nach bhfuil.

Mura ndéanfar an Fhoirm Ghlactha a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais chuig an scoil faoin dáta a leagtar amach san Fhógra maidir le Ligeán Isteach sa Scoil, nó laistigh de dhá sheachtain ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach a bhí i gceist nó más tairiscint í a rinneadh sa dara/tríú babhta, d'fhéadfadh sé go dtarraingeofaí tairiscint siar, i gcomhréir leis na forais a leagtar amach thíos maidir le diúltú.

#### **5.1.7 Diúltú**

Sa chás nár tairgeadh áit scoile do Scoláire a bhfuil iarratas á dhéanamh ina leith, cuirfear na nithe seo a leanas ar fáil don Iarratasóir i scríbhinn:

- 5.1.7.1. Na cúiseanna nár tairgeadh áit don Scoláire i gColáiste Chilllain.
- 5.1.7.2. Sonraí faoi rangú an Scoláire i gcoinne na gcritéar roghnúcháin foilsithe,
- 5.1.7.3. Sonraí faoi áit an Scoláire ar an liosta feithimh, más infheidhme, agus
- 5.1.7.4. Sonraí faoin gceart atá ag an Iarratasóir achomharc a dhéanamh faoin gcinneadh.

Féadfar tairiscint áite a tharraingt siar más rud é:

- 5.1.7.5. Go bhfuil an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, nó
- 5.1.7.6. Nach ndeimhneoidh an tIarratasóir go bhfuiltear ag glacadh le tairiscint áite faoin dáta a leagtar amach i bhfógra bliantúil na scoile maidir le ligean isteach don scoilbhliain 2020/2021, nó, i gcás iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta, laistigh de dhá sheachtain, nó
- 5.1.7.7. Níor chuir an tIarratasóir in iúl:
  - (i) cé acu a bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil(eanna) eile agus é/í ag fanacht ar dhaingniú tairisceana ó scoil(eanna) eile agus, más amhlaidh atá, sonraí na scoile(anna);  
agus
  - (ii) cé acu ar ghlac nó nár ghlac sé/sí le tairiscint iontrála ó scoil(eanna) eile agus, má ghlac, sonraí na tairisceana/na dtairiscintí sin.

### **5.1.8 Achomhairc**

Le haghaidh eolas a bhaineann leis an gceart atá ag Iarratasóir achomharc a dhéanamh ar chinneadh de chuid Choláiste Chilllain maidir le ligean isteach sa ghrúpa Céad Bliana, féach roinn 5.3.



## 5.2. ACHOMHAIRC

---

Iarratasóir ar mian leis nó léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh i dtaobh diúltú ligean isteach, faoi alt 29(9) den Acht Oideachais, 1998, féadfaidh sé nó sí é sin a dhéanamh ach *Foirm Iarratais ar Achomharc faoi Alt 29*, atá ar fáil in oifig Choláiste Chilllain agus ar láithreán gréasáin Choláiste Chilllain, a líonadh isteach, agus í a chur faoi bhráid Phríomhfheidhmeannach BOOACDSL ag Geata, Thuain, Cearnóg Belgard THoir, Tamhlacht. BÁC 24 laistigh de cheithre lá féilire déag ón dáta a bhfuair sé nó sí cinneadh na scoile maidir le diúltú don ligean isteach.

Ceadaítear tréimhse uasta 30 lá ón dáta a bhfaighidh Príomhfheidhmeannach an Bhoird Oideachais agus Oiliúna an t-achomharc chun an próiseas achomhairc a thabhairt chun críche.

Sa chás nach seasfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna le hachomharc, féadfaidh an tIarratasóir achomharc eile a dhéanamh i gcoinne an chinnidh diúltú é nó í a ligean isteach, agus is chun na Roinne Oideachais agus Scileanna a dhéantar an t-achomharc sin de réir alt 29(1) den Acht Oideachais, 1998.

## ROINN 6

# IARRATAS I NDÁIL LEIS NA BLIAINGHRÚPAÍ EILE GO LÉIR SEACHAS AN CHÉAD BHLIAIN

---

## 6 IARRATAS I NDÁIL LEIS NA BLIAINGHRÚPAÍ EILE GO LÉIR SEACHAS AN CHÉAD BHLIAIN

---

### 6.1 Forálacha maidir le Ligean Isteach (seachas an Chéad Bhliain)

- 6.1.1. Liosta Feithimh
- 6.1.2. Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta
- 6.1.3. An próiseas roghnúcháin
- 6.1.4. Iarratais Dhéanacha
- 6.1.5. An dara/tríú babhta tairiscintí áite
- 6.1.6. Glacadh le háit
- 6.1.7. Diúltú
- 6.1.8. Achomhairc

### 6.2 Achomhairc

## **6.1 FORÁLACHA MAIDIR LE LIGEAN ISTEACH (SEACHAS AN CHÉAD BHLIAIN)**

---

I gcás nach bhfuil liosta feithimh ag Coláiste Chillian, tairgfear áit scoile do gach Scoláire, faoi réir ranna 4.2, 4.7, 4.8,

### **6.1.1 Liosta Feithimh**

I gcás inar mó líon na n-iarratas ná líon na n-áiteanna atá ar fáil, beidh feidhm ag na critéir roghnúcháin fhoilsithe mar a leagtar amach iad i roinn 6.1.2 thíos, agus ullmhófar liosta feithimh a bheidh bailí ar feadh na scoilbhliana a ndearnadh na hiarratais ina leith. Sa chás ina mbeidh Coláiste Chillian in ann áiteanna breise scoile a thairiscint a thiocfaidh ar fáil don scoilbhliain 2021/2022 agus le linn na scoilbhliana sin, tairgfear áiteanna de réir ord tosaíochta na Scoláirí ar an liosta feithimh.

### **6.1.2 An próiseas roghnúcháin**

Cuirfidh Coláiste Chillian an próiseas roghnúcháin i bhfeidhm mar seo a leanas:

Déantar iarratais a bhreithniú ar bhonn na gcritéar roghnúcháin foilsithe. Tairgfear áiteanna ar an gcéad dul síos dóibh siúd a chomhlíonfaidh an chéad chritéar. Ina dhiaidh sin, má tá áiteanna ar fáil ag an scoil fós, déanfar na hIarratasóirí eile a bhreithniú i bhfianaise an dara critéar agus tairgfear áit scoile do na hIarratasóirí a chomhlíonann an critéar sin. Leantar leis an bpróiseas sin go dtí go mbeidh gach áit atá ar fáil tairgthe agus go mbeidh glactha le gach áit.

Sa chás ina mbeidh dhá iarratas nó níos mó ar comhscór sa phróiseas roghnúcháin thuasluaite, is go randamach a shannfaidh Coláiste Chillian aon áiteanna a bheidh fós ar fáil sa scoil, nó ar an liosta feithimh, do na hiarratais sin.

### **6.1.4 Iarratais dhéanacha:**

Sa chás ina bhfuil liosta feithimh ag Coláiste Chillian agus ina bhfaighidh sí iarratas déanach ar ligean isteach, cuirfear é ar an liosta feithimh tar éis na nIarratasóirí a bhfuair Coláiste Chillian iarratais ina leith roimh an dáta deiridh d'iarratais. Cuirfear iarratais den sórt sin ar an liosta feithimh de réir an dáta agus an ama a fuair Coláiste Chillian iad agus ina dhiaidh sin cuirfear critéir roghnúcháin Coláiste Chillian i bhfeidhm de réir an Pholasaí seo.

Sa chás nach bhfuil liosta feithimh ag Coláiste Chillian agus ina bhfaighidh sí iarratas déanach, gheobhaidh an Scoláire a bheidh ag lorg áit i gColáiste Chillian tairiscint áite, faoi réir ranna 4.2, 4.7, 4.8, agus cuirfear i bhfeidhm an próiseas céanna is a bhaineann le hIarratasóirí a bhfuarthas iarratais uathu roimh an dáta deiridh, *i.e.* eiseofar Foirm Ghlaitha don Iarratasóir, nach mór í a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais chuig an scoil laistigh de dhá sheachtain ón dáta ar eisíodh í.

#### **6.1.5 An dara/tríú babhta tairiscintí áite**

Sa chás ina bhfaighidh Scoláire tairiscint ar áit i gColáiste Chillian ach nach nglacfaidh sé nó sí leis an tairiscint, nó nach nglacfaidh sé nó sí léi laistigh den tréimhse ama atá sonraithe, nó ina dtarraingeoidh an scoil siar an tairiscint de réir fhorálacha ábhartha an Bheartais seo, tabharfar an áit don chéad Scoláire eile ar an liosta feithimh sa dara babhta tairiscintí. Leanfar leis an bpróiseas sin sa tríú agus sa ceathrú babhta *etc.* go dtí go mbeidh gach áit sa scoil líonta.

#### **6.1.6 Glacadh le háit:**

Má thairgtear áit don Scoláire ar ina leith a rinneadh an t-iarratas, eiseoidh an scoil Foirm Ghlaitha don Iarratasóir.

Cuirfidh an tIarratasóir in iúl go bhfuiltear ag glacadh le tairiscint tríd an bhFoirm Ghlaitha a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais faoin dáta a leagtar amach san Fhógra maidir le Ligean Isteach sa Scoil, nó laistigh de dhá sheachtain ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach a bhí i gceist nó más tairiscint í a rinneadh sa dara/tríú babhta. Ní mór a chur in iúl freisin cé acu an bhfuil iarratas déanta aige nó aici chuig scoil eile nó nach bhfuil, agus an bhfuil sé nó sí ag fanacht le deimhniú ó scoil eile ar thairiscint áite nó nach bhfuil.

Mura ndéanfar an Fhoirm Ghlactha a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais chuig an scoil faoin dáta a leagtar amach san Fhógra maidir le Ligean Isteach sa Scoil, nó laistigh de dhá sheachtain ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach a bhí i gceist nó más tairiscint í a rinneadh sa dara/tríú babhta, d'fhéadfadh sé go dtarraingeofaí tairiscint siar, i gcomhréir leis na forais a leagtar amach thíos maidir le diúltú.

#### **6.1.7 Diúltú:**

Sa chás nár tairgeadh áit scoile do Scoláire a bhfuil iarratas á dhéanamh ina leith, cuirfear na nithe seo a leanas ar fáil don Iarratasóir i scríbhinn:

- 6.1.7.1. Na cúiseanna nár tairgeadh áit don Scoláire i gColáiste Chillian.
- 6.1.7.2. Sonraí faoi rangú an Scoláire i gcoinne na gcritéar roghnúcháin foilsithe, agus
- 6.1.7.3. Sonraí faoi áit an Scoláire ar an liosta feithimh, más infheidhme
- 6.1.7.4. Sonraí faoin gceart atá ag an Iarratasóir achomharc a dhéanamh faoin gcinneadh

Féadfar tairiscint áite a tharraingt siar más rud é:

- 6.1.7.5. Go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, nó
- 6.1.7.6. Nach ndeimhneoidh an tIarratasóir go bhfuiltear ag glacadh le tairiscint áite faoin dáta a leagtar amach i bhfógra bliantúil na scoile maidir le ligean isteach don scoilbhliain 2020/2021, nó, i gcás iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta, laistigh de dhá sheachtain, nó
- 6.1.7.7. Níor chuir an tIarratasóir in iúl:
  - (i) cé acu a bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil(eanna) eile agus é/í ag fanacht ar dhaingniú tairisceana ó scoil(eanna) eile agus, más amhlaidh atá, sonraí na scoile(anna);

agus

- (ii) cé acu ar ghlac nó nár ghlac sé/sí le tairiscint iontrála ó scoil(eanna) eile agus, má ghlac, sonraí na tairisceana/na dtairiscintí sin.

6.1.7.8.

DRAFT

## 6.2 ACHOMHAIRC

---

Iarratasóir ar mian leis nó léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh i dtaobh diúltú ligean isteach, faoi alt 29(9) den Acht Oideachais, 1998, féadfaidh sé nó sí é sin a dhéanamh ach *Foirm Iarratais ar Achomharc faoi Alt 29*, atá ar fáil in oifig Choláiste Chilllain agus ar láithreán gréasáin Choláiste Chilllain, a líonadh isteach, agus í a chur faoi bhráid Phríomhfheidhmeannach BOOACDL ag Geata Thuain, Cearnóg Belgard Thoir, Tamhlacht. BÁC 24 laistigh de cheithre lá féilire déag ón dáta a bhfuair sé nó sí cinneadh na scoile maidir le diúltú don ligean isteach.

Ceadaítear tréimhse uasta 30 lá ón dáta a bhfaighidh Príomhfheidhmeannach an Bhoird Oideachais agus Oiliúna an t-achomharc chun an próiseas achomhairc a thabhairt chun críche.

Sa chás nach seasfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna le hachomharc, féadfaidh an tIarratasóir achomharc eile a dhéanamh i gcoinne an chinnidh diúltú é nó í a ligean isteach, agus is chun na Roinne Oideachais agus Scileanna a dhéantar an t-achomharc sin de réir alt 29(1) den Acht Oideachais, 1998.

DRAFT